RÚN (AE) 2022/1702 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn V — an Chúirt Iniúchóirí

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn V — an Chúirt Iniúchóirí,

— ag féachaint do Riail 100 agus Iarscríbhinn IV dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0061/2022),

A. de bhrí go bhfuil misean na Cúirte Iniúchóirí ("an Chúirt") dírithe ar mhuinín na saoránach a fheabhsú agus ar fhreagairt go héifeachtach do na dúshláin atá ann don Aontas san am i láthair agus do na dúshláin a bheidh ann dó amach anseo trí obair iniúchóireachta neamhspleách, ghairmiúil agus a mbeidh tionchar aici a dhéanamh, trí mheasúnú a dhéanamh ar an ngeilleagar, agus ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, dlíthiúlacht agus rialtacht ghníomhaíocht an Aontais chun feabhas a chur ar an gcuntasacht, ar an trédhearcacht agus ar an mbainistiú airgeadais;

B. de bhrí, gan dochar d'fhorálacha Airteagal 287 agus 319 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ó bhí deireadh na bliana airgeadais 1987 ann, go ndéanann iniúchóir seachtrach neamhspleách cuntais ioncaim agus caiteachais na Cúirte a iniúchadh gach bliain agus, ón uair a foilsíodh an tuarascáil ar an mbliain airgeadais 1992, go bhfuil tuarascála an iniúchóra á bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

C. de bhrí go soláthraítear cuntasacht bhainistíochta i leith na n-údarás buiséadach trí thuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil Ardrúnaí na Cúirte arb é is cuspóir di, i gcomhréir le hAirteagal 74(9) den Rialachán Airgeadais, faisnéis a sholáthar faoi bhainistiú na n-acmhainní, lena n-áirítear bainistiú na gcóras, agus faoi éifeachtúlacht agus éifeachtacht chórais rialaithe inmheánaigh na Cúirte;

D. de bhrí, i gcomhthéacs an nóis imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí fheabhas a chur ar an trédhearcacht agus ar an gcuntasacht, agus trí choincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta agus an dea-rialachais ar acmhainní daonna a chur chun feidhme;

1. á chur in iúl gur eol di go ndéanann iniúchóir seachtrach neamhspleách iniúchadh ar chuntais bhliantúla na Cúirte chun prionsabail chéanna sin na trédhearcachta agus na cuntasachta a chuireann an Chúirt i bhfeidhm maidir lena hiniúchaithe a chur i bhfeidhm; á thabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di tuairim an iniúchóra sheachtraigh neamhspleách go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid airgeadais na Cúirte;

2. á thabhairt dá haire nár tugadh ach freagraí ginearálta ar bharúlacha na Parlaiminte mar thoradh ar obair leantach na Cúirte i 2019 ar na rúin maidir le hurscaoileadh 2019; ag athdhearbhú go bhfuil obair leantach iomchuí agus chuimsitheach riachtanach chun cur ar chumas an Choiste um Rialú Buiséadach sa Pharlaimint a chinneadh an ndearna an Chúirt aird moltaí na Parlaiminte a chur san áireamh go cuí; á iarraidh ar an gCúirt simpliú a dhéanamh ar struchtúr na chéad tuarascála leantaí eile agus na freagairtí uile is gá a chur san áireamh agus mínithe mionsonraithe agus nithiúla ar chur chun feidhme mholtaí na Parlaiminte á dtabhairt ag an am céanna, agus tagairt shainráite á déanamh do gach mír den rún seo maidir le hurscaoileadh;

3. á thabhairt dá haire go bhfuil an Chúirt faoi rialú ag Airteagail 285, 286 agus 287 CFAE lena bhforáiltear go ndéanfaidh an Chúirt a Rialacha Nós Imeachta féin a tharraingt suas, lena n-éileofar formheas na Comhairle, agus go gcinnfidh an Chomhairle coinníollacha fostaíochta chomhaltaí na Cúirte agus go háirithe a dtuarastail, a liúntais agus a bpinsin; á thabhairt dá haire gur cuid d'eagrú inmheánach na Cúirte é inniúlacht na Cúirte rialacha maidir le modhanna oibre a ghlacadh agus go leagtar amach nós imeachta cinnteoireachta na Cúirte ina rialacha nós imeachta; á iarraidh ar an gCúirt an t-údarás um urscaoileadh a choimeád ar an eolas maidir leis na leasuithe atá á ndéanamh faoi láthair agus a dhéanfar amach anseo ar a rialacha inmheánacha; á thabhairt dá haire go leagtar béim i gcód iompair na Cúirte ([1]) ar bhunluachanna eiticiúla na Cúirte agus a comhaltaí agus leagtar amach oibleagáidí éagsúla maidir le nós imeachta;

([1]) Cód Iompair do Chomhaltaí agus d'Iar-Chomhaltaí na Cúirte (IO L 46, 25.2.2022, lch. 145).

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

4. ag tabhairt dá haire go leanann buiséad na Cúirte de bheith ag fás agus gurbh ionann é agus EUR 152 mhilliún in 2020 (i gcomparáid le EUR 147 milliún in 2019) arb ionann é agus níos lú ná 0,1 % de chaiteachas iomlán an Aontais agus tuairim is 1,4 % de chaiteachas iomlán an Aontais ar riarachán; á thabhairt dá haire gur buiséad riaracháin é buiséad na Cúirte den chuid is mó, agus go n-úsáidtear an chuid is mó de le haghaidh caiteachais a bhaineann le hacmhainní daonna, foirgnimh agus troscán, trealamh agus costais oibríochta ilghnéitheacha;

5. á thabhairt dá haire gurbh é 96 % an ráta foriomlán forghníomhaithe do 2020 (i gcomparáid le 98 % in 2019) le ráta forghníomhaithe 95,7 % i gcás gealltanas agus 90,1 % le haghaidh íocaíochtaí maidir le leithreasaí; á thabhairt dá haire gurbh ionann na híocaíochtaí in 2020 agus EUR 137 132 964 i gcomparáid le EUR 137 799 512 in 2019;

6. á thabhairt dá haire gur tearc-úsáideadh roinnt línte buiséid tar éis ráig COVID-19, amhail misin (faoi 15,75 %), foilseacháin (faoi 42,75 %), costais ateangaireachta (ag 30,77 %), tomhaltas fuinnimh, cruinnithe, costais ionadaíochta agus tuarastail; á thabhairt dá haire gur lú líon na n-earcuithe a bhí ann agus gur tháinig méadú ar thuarastail a bhí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an gcoigilteas i dtuarastail; á thabhairt dá haire, murab ionann agus an coigilteas, gur tháinig méadú ar chostais a bhaineann le TF (is ionann agus 30,77 %), le seirbhís leighis (is ionann agus 214,29 %) agus leis an tslándáil (arb ionann é agus 288,10 %); á thabhairt dá haire thairis sin gur chuir an Chúirt 22 aistriú buiséid i gcrích le linn 2020, idir na línte buiséid a luadh, arb ionann iad agus EUR 4 051 000 ar an iomlán;

7. ag aithint gurb amhlaidh, ainneoin na n-aistrithe, a cuireadh roinnt leithreasuithe ar ceal ag deireadh na bliana, a bhain go príomha le misin (EUR 2 160 144 ar ceal), le foilseacháin (EUR 198 808), le speansais ionadaíochta (EUR 179 992), le costais léirmhínithe (EUR 162 104), le feithiclí (EUR 151 084) agus le cruinnithe (EUR 106 005);

8. á chur in iúl go dtuigeann sí gur rannchuidigh tabhairt anonn uathoibríoch na leithreasuithe ó 2019 go 2020, EUR 6 515 316 ar an iomlán, le ráta úsáide 92,24 % a bhaint amach (i gcomparáid le 88,48 % in 2019);

9. á thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, in 2020, a dhámh an Chúirt 18 gconradh san iomlán de luach ba mhó ná EUR 15 000, arbh ionann iad agus EUR 2 704 105, as a raibh ceithre chonradh, arbh ionann a luach iomlán agus EUR 2 190 490, os cionn na tairsí ábhartha in Airteagal 4 de Threoir 2014/24/AE ([2]);

Bainistíocht inmheánach, feidhmíocht, rialú inmheánach

10. á thabhairt dá haire gurb í 2020 an bhliain dheireanach de chur chun feidhme straitéis 2018-2020 na Cúirte agus á chur in iúl gur díol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh i roinnt réimsí, go háirithe níos mó acmhainní a leithdháileadh ar iniúchtaí ar fheidhmíocht, táirgiúlacht mhéadaithe i ngach cineál iniúchóireachta, agus spéis na ngeallsealbhóirí sna tuarascálacha ón gCúirt agus glacadh na meán leo a threisiú; ag tabhairt dá haire gur foilsíodh an tuarascáil phiar-athbhreithnithe ar chur chun feidhme straitéis 2018-2020; á chur in iúl gur mór aici an cur chuige rannpháirteach a glacadh chun an straitéis 2021-2025 a ullmhú, a glacadh i mí Eanáir 2021, lena mbaineann baill uile, bainisteoirí agus baill foirne eile na Cúirte trí cheardlanna, seimineáir ghréasáin agus suirbhéanna chun ionchuir a bhailiú agus a phlé;

11. á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcuirfí na réimsí fócais a mhol an t-údarás um urscaoileadh a bhaineann le saincheisteanna buiséadacha seachas saincheisteanna beartais san áireamh sna tosaíochtaí a léirítear i gclár oibre na Cúirte; á mheabhrú gur eisigh an Pharlaimint agus an Chomhairle maidir le plean bunaíochta na Cúirte Iniúchóirí a threisiú; ag meabhrú go measann an Pharlaimint agus an Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach go leithdháilfeadh an Chúirt acmhainní leordhóthanacha chun a príomhghníomhaíochtaí a chur chun feidhme agus gur iarr sí ar an gCúirt forléargas a sholáthar, i gcleachtaí buiséadacha amach anseo, ar leithdháileadh na foirne sa bhliain roimhe sin; ag athdhearbhú iarraidh na Parlaiminte ar thuarascáil bhliantúil neamhspleách shonrach maidir le hinstitiúidí an Aontais;

12. ag aithint go gcuireann an Chúirt tacar príomhtháscairí feidhmíochta i bhfeidhm chun faisnéis a sholáthar do gheallsealbhóirí institiúideacha maidir le leibhéil feidhmíochta, chun eolas a chur ar fáil don bhainistíocht faoin dul chun cinn atá déanta maidir le spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus chun tacú leis an gcinnteoireacht; á thabhairt faoi deara gur eisíodh 69 bhfoilseachán san iomlán (33 thuarascáil bhliantúla agus speisialta, 11 thuairim,

([2]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

6 cinn d'athbhreithnithe, 14 réamhamharc ar iniúchtaí agus 5 dhoiciméad eile) in 2020, i gcomparáid le 67 bhfoilseachán in 2019; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur fhoilsigh an Chúirt den chéad uair riamh tuarascáil bhliantúil maidir le feidhmíocht fhoriomlán bhuiséad an Aontais a rannchuidíonn le níos mó airde a thabhairt do na torthaí a baineadh amach le sampla de chláir chaiteachais an Aontais agus meastóireacht a dhéanamh ar an méid a chuireann na hiniúchaithe le moltaí ó thuarascálacha speisialta na Cúirte; á chur in iúl gur díol sásaimh di an tionscnamh ón gCúirt dul i gcomhairle le príomh-gheallsealbhóirí, lena n-áirítear an Coiste um Rialú Buiséadach sa Pharlaimint, maidir leis an straitéis a bheidh ann amach anseo i ndáil leis an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht;

13. á thabhairt faoi deara gur eisíodh líon tuairimí lena mbaineann a bhformhór le leasuithe ar na rialacha atá ann cheana sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2014-2020 i gcomhthéacs fhreagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19 nó ar thograí reachtacha do CAI 2021-2027 agus pacáiste spreagtha "Next Generation EU"; á chur in iúl gur mór aici go ndearna an Chúirt a clár oibre do 2020 a oiriúnú chun imthosca athraitheacha a chur san áireamh agus gur áiríodh sa ghlacadh dhá athbhreithniú thráthúla ar fhreagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19;

14. ag tacú le cleachtas na Cúirte faireachán a dhéanamh ar an obair leantach a leanann as a moltaí; á thabhairt dá haire gur thomhais an Chúirt cur chun feidhme na moltaí a rinneadh ina cuid tuarascálacha ó 2016 in 2020 agus gur chláraigh sí cur chun feidhme páirteach nó iomlán 97 % de mholtaí 29 a rinneadh sa tuarascáil bhliantúil agus 91 % de mholtaí 360 a rinneadh sna tuarascálacha speisialta (i gcomparáid le 96 % agus 94 % faoi seach, do mholtaí 2015);

15. á chur in iúl gur díol sásaimh di an anailís a rinneadh ar thionchar agus ar thuiscint obair na Cúirte ag a geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, údaráis náisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, lucht acadúil agus na meáin, bunaithe ar an aiseolas a fuarthas mar chuid de na suirbhéanna leictreonacha anaithnide; á thabhairt chun suntais an t-aiseolas a fuarthas in 2020 lenar nochtadh go raibh 84 % de na freagróirí den tuairim go bhfuil tuarascálacha na Cúirte úsáideach dá gcuid oibre agus gur thug 75 % acu le fios go raibh tionchar ag obair na Cúirte (i gcomparáid le 88 % agus 81 %, faoi seach, in 2019);

16. á thabhairt dá haire go ndeonaítear an liúntas suiteála do chomhalta na Cúirte, a rialaítear le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle ([3]), ar an gcoinníoll go gcuirfidh an comhalta den Chúirt fianaise ar fáil go raibh gá leis an áit chónaithe a athrú chun dul i mbun dualgas agus go mbeidh "an duine sin ina chónaí san áit a bhfuil sé fostaithe nó gan a bheith níos faide ón áit sin agus é comhoiriúnach le comhlíonadh cuí a dhualgas" mar a luaitear in Airteagal 20 de na Rialacháin Foirne; ag tabhairt le fios, fiú amháin má ghlac Oifig Phámháistir an Choimisiúin le haon dearbhú maidir le seoladh amháin, nár cheart a mheas gur leor an conradh chun maoin a fháil ar cíos nó conradh ceannaigh le haghaidh réadmhaoine de réir bhrí Airteagal 20 de na Rialacháin Foirne, ós rud é go bhféadfaí an mhaoin sin a úsáid le haghaidh úsáidí eile seachas mar phríomháit chónaithe; den tuairim nach mór athbhreithniú a dhéanamh ar an sásra chun coinníollacha dlíthiúla an liúntais suiteála a fhíorú ionas gur féidir doiciméid eile a iarraidh mar fhianaise, a mhéid is féidir maidir leis an gceart chun príobháideachta;

17. á thabhairt dá haire go bhfuil conradh cíosa nó conradh ceannaigh curtha ar fáil ag comhaltaí na Cúirte le haghaidh réadmhaoine agus deimhniú cónaithe arna eisiúint ag údaráis Lucsamburg; á áitiú, áfach, ó theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/300, nár cheart liúntas suiteála a íoc ach amháin má thugtar fianaise ar aird lena léirítear gur "go bhfuil na comhaltaí bunaithe san áit ina bhfuil siad fostaithe" mar a leagtar amach in Airteagal 5(3) d'Iarscríbhinn VII de na Rialacháin Foirne; den tuairim gur cheart a mheas go mbeadh oibleagáid ar bhaill a n-áit chónaithe a athlonnú go Lucsamburg ar bhonn éifeachtach agus cobhsaí le linn a dtéarma oifige agus á mheabhrú, ina leith sin, go sonraítear in Airteagal 5(4) den Iarscríbhinn sin nach bhfaighidh oifigeach a bheidh i dteideal liúntas teaghlaigh agus nach lonnaíonn lena theaghlach san áit a mbeidh sé fostaithe ach leath den liúntas a mbeadh sé i dteideal a fháil seachas sin;"; á thabhairt dá haire gur ghlac an Chúirt cód iompair modhnaithe le déanaí ina leagtar amach in Airteagal 10(1) an oibleagáid cónaí san áit a bhfuil suíomh na Cúirte agus á iarraidh ar an gCúirt tuarascáil a thabhairt maidir le teacht i bhfeidhm an chóid iompair mhodhnaithe;

([3]) Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle an 29 Feabhra 2016 lena socraítear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE (IO L 58, 4.3.2016, lch. 1).

18. á thabhairt dá haire go bhfuil sealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil de chuid an Aontais, amhail comhaltaí na Cúirte, i dteideal liúntas cónaithe arb ionann é agus 15 % dá mbuntuarastal le linn a dtéarma oifige le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2016/300. á chur in iúl go bhfuil a fhios aici nach bhfuil aon choinníoll sa Rialachán sin chun an liúntas cónaithe a íoc amach, ach go bhfuil sé bunaithe ar an bhfaighteoir amháin a bheith ina shealbhóir oifige poiblí ardleibhéil; ag aithint go bhfuil an cur chuige sin ag teacht le foclaíocht an Rialacháin sin agus go dtuigeann sí gurb í an Chomhairle amháin atá inniúil chun Rialachán (AE) 2016/300 a leasú; á chreidiúint, mar sin féin, nach mór don liúntas cónaithe a bheith comhsheasmhach leis an liúntas suiteála agus, dá bhrí sin, leagann an loighic sin síos an comhghaol céanna le hAirteagal 20 de na Rialacháin Foirne agus cuspóir leithleach gach liúntais á hurramú ag an am céanna; á chur i bhfáth, ina leith sin, nach mór an liúntas cónaithe a léirmhíniú i bhfianaise Airteagal 10 de chód iompair athbhreithnithe na Cúirte maidir le tiomantas agus dílseacht agus i bhfianaise Airteagal 14 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, lena bhforáiltear go mbeidh cónaí ar Bhreithiúna san áit ina bhfuil suíomh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Bhreithiúnais);

19. á chur in iúl go dtuigeann sí nach bhfuil aon ról ag an gCúirt i sainiú na rialacha agus na gcoinníollacha maidir le liúntais suiteála agus cónaithe a dheonú agus go bhfanann an fhreagracht as fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha dlíthiúla maidir leis an liúntas suiteála agus údarú íocaíochta liúntas suiteála agus cónaithe araon leis an Oifig an Phámháistir ar bhonn comhaontaithe ar leibhéal na seirbhíse; á thabhairt dá haire, ar iarraidh ón gCúirt, gur rialaigh an PMO in 2021 rialú *ex post* ar an liúntas suiteála agus gur thuairiscigh sé na torthaí don Chúirt; á thabhairt faoi deara nár tuairiscíodh aon neamhrialtacht in 2021; á chur in iúl gur oth léi nach n-aithníonn comhalta áirithe den Chúirt go dtugtar le tuiscint leis an liúntas cónaithe go bhfuil cónaí éifeachtach ag an áit fostaíochta, go háirithe i gcásanna ina bhfuil an liúntas suiteála íoctha;

20. á chur in iúl gur mór aici gur thug an Chúirt isteach, i gcomhréir le hAirteagal 10(1) dá cód iompair athbhreithnithe, oibleagáid dhlíthiúil shainráite ar a comhaltaí a bheith ina gcónaí san áit ina bhfuil suíomh na Cúirte, lena léirítear Airteagal 14 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht na Cúirte Breithiúnais, agus go gcuirfidh na comhaltaí cruthúnas ar fáil don Ardrúnaí (sa bhreis ar an Oifig an Phámháistir) ar dhul i mbun oifige dóibh agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, rud atá i gcomhréir leis an léiriú a bheidh curtha in iúl ag an bParlaimint, prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus prionsabal na Cúirte eitice; á mheas go bhféadfadh an t-athbhreithniú ar an gcód iompair bunús a thabhairt le haitheantas na Cúirte go bhfuil an liúntas cónaithe i gcomhréir le cónaí éifeachtach i Lucsamburg, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí dualgais an chomhalta a chomhlíonadh mar is ceart;

21. á thabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt Cinneadh Uimh. 30-2019 maidir le bainistiú agus úsáid a flít gluaisteán; á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas go bhfuil an flít gluaisteán ar léas ó sholáthróir ar bhonn creatchonradh idirinstitiúideach agus, sa bhreis ar an muirear cíosa, gurb í an Chúirt a thabhaíonn na costais a bhaineann le húsáid na ngluaisteán (i.e. dolaí, páirceáil, breosla, muirir leictreacha, glanadh agus costais eile) i dtaca le turais a chumhdaítear le hordú taistil; á thabhairt dá haire go gceadaítear turais gan orduithe taistil freisin nuair a bhaineann siad le comhlíonadh dhualgais chomhaltaí na Cúirte;

22. á thabhairt faoi deara go gceadaíonn an Chúirt dá comhaltaí úsáid phríobháideach a bhaint as flít na ngluaisteán gan tiománaithe i gcás turas nach gcumhdaítear le horduithe misin mar mhalairt ar ranníocaíocht EUR 100 in aghaidh na míosa; á chur in iúl gur ábhar imní di go bhféadfadh an córas ranníocaíochta EUR 100, atá ceaptha chun úsáid phríobháideach an fhlít gluaisteán a cheadú, mí-úsáid an fhlít a éascú agus dochar a dhéanamh do chlú na Cúirte; á thabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt Cinneadh Uimh. 10-2022 le déanaí lena ndéantar athbhreithniú ar bhainistiú agus ar úsáid an chabhlaigh gluaisteán; den tuairim nach léiríonn an ranníocaíocht EUR 100 costas iomlán na húsáide sin agus nach bhfuil an córas nua a tugadh isteach leis an gcinneadh sin réasúnach ná éifeachtúil ó thaobh riaracháin de; á iarraidh ar an gCúirt réasúnú a dhéanamh ar gach úsáid a bhaintear as an gcabhlach gluaisteán a bhfuil gá réasúnach leo chun dualgais a chomhaltaí a chomhlíonadh agus na húsáidí sin a áireamh sna horduithe taistil; á athdhearbhú go bhfuil sí den tuairim nár cheart, in imthosca ar bith, flít na ngluaisteán a úsáid ach chun críocha dualgais chomhaltaí na Cúirte a chomhlíonadh go dian, ar tuairim í a cuireadh in iúl i rúin maidir le hurscaoileadh roimhe seo;

23. á thabhairt dá haire go gcuireann an Chúirt oiliúint a comhaltaí ar fáil ar mhaithe leis an gCúirt, tríd an gcreat idirinstitiúideach atá comhroinnte le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais atá lonnaithe i Lucsamburg nó go díreach ó sholáthraithe gairmiúla oiliúna teanga; á thabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt ráiteas ina gcuirtear in iúl gur lean na comhaltaí dianchúrsaí teanga lasmuigh den chreat idirinstitiúideach don tréimhse 2017-2021, don Fhraincis, don Ghearmáinis agus don Bhéarla amháin; ag tabhairt le fios gur cosúil nach bhfuil feidhm ag na coinníollacha ach

maidir le saintréithe na hoiliúna teanga (i.e. dhá sheachtain in aghaidh na bliana, ceithre huaire an chloig ar a laghad in aghaidh an lae), ní maidir leis an teanga arna roghnú ag an gcomhalta iarrthach; á thabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt cinneadh le déanaí lena bhforáiltear go bhféadfaidh comhaltaí cúrsaí teanga a leanúint a chumhdaíonn go príomha teangacha oibre na Cúirte (Béarla agus Fraincis) agus teangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais freisin ar mhaithe leis an tseirbhís;

24. á thabhairt dá haire gur thóg sé go dtí 2018 clár tinrimh a chur ar bun chun a thaifeadadh go raibh na comhaltaí i láthair nó as láthair ag gach cruinniú foirmiúil den Chúirt agus dá ndlísheomraí agus dá coistí uile; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, den chéad uair, a áirítear faisnéis maidir le tinreamh sa tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil ón gCúirt do 2020; á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas nach bhfuil sna cruinnithe sin ach cuid de ghníomhaíochtaí na gcomhaltaí, lena n-áirítear misin iniúchóireachta agus obair na Cúirte sna Ballstáit a chur chun cinn, agus á chur in iúl go n-aontaíonn sí gur gá leibhéal áirithe neamhspleáchais a bheith ag na comhaltaí agus go ngabhann leibhéal áirithe neamhspleáchais leis sin agus iad ag eagrú a gcuid oibre; á mheabhrú, áfach, go bhfuil sé d'oibleagáid ar na comhaltaí iad féin a thiomnú go hiomlán do chomhlíonadh a sainordaithe mar a chumhdaítear in Airteagal 10 de chód iompair na Cúirte agus, dá bhrí sin, á iarraidh ar an gCúirt an clár tinrimh a úsáid mar uirlis chun cosc réamhghníomhach a chur ar chásanna neamhláithreachta a d'fhéadfadh a bheith ann; á thabhairt le fios, de réir Thuarascáil Gníomhaíochta 2020 na Cúirte, go dtagraíonn an meánráta tinrimh de 96 % arna chur in iúl ag an gCúirt go heisiach do thrí chruinniú fhisiceacha de Choláiste na gComhaltaí in 2020 seachas do fhreastal ginearálta ar an láthair oibre; ag athdhearbhú na hiarrata a rinneadh gach bliain ó urscaoileadh 2017 go ndéanfar an clár tinrimh a shíneadh chuig laethanta oibre, misin, tréimhsí saoire agus neamhláithreachtaí a bhfuil údar maith leo chun léiriú cruinn a dhéanamh ar an obair a dhéanann na comhaltaí; á iarraidh ar an gCúirt nuashonruithe bliantúla ar an gclár tinrimh a sholáthar don údarás um urscaoileadh ionas gur féidir é a bhreithniú le linn an nós imeachta um urscaoileadh;

25. á thabhairt dá haire go bhfuil misin, atá bunriachtanach chun ról na Cúirte a chomhlíonadh (i.e. chun comhlachtaí náisiúnta a iniúchadh ar an láthair nó chun an tuarascáil bhliantúil a thíolacadh do na parlaimintí náisiúnta), teoranta ag an mbuiséad bliantúil agus nach mór rialuithe cuimsitheacha *ex ante* agus *ex post* a dhéanamh orthu a dhéantar ar shamplaí míosúla; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur tarmligeadh ról an oifigigh údarúcháin le haghaidh mhisin agus speansais uile chomhaltaí na Cúirte chuig Ardrúnaí na Cúirte le Cinneadh ón gCúirt Uimh. 59-2017, agus gur soiléiríodh le Cinneadh Uimh. 61-2017 ón gCúirt na rialacha lena rialaítear misin, go háirithe an oibleagáid chun a léiriú conas a bhaineann an misean le hobair na Cúirte, agus ag cur béim ar an bhfíoras go gcaithfear misin a dhearbhú go soiléir agus gan débhrí mar sin; á thabhairt dá haire go bhfeidhmíonn comhaltaí na Cúirte freisin mar phointí teagmhála d'institiúidí náisiúnta iniúchóireachta agus chun faisnéis a chur ar fáil do shaoránaigh maidir leis an úsáid a bhaintear as cistí an Aontais; á thabhairt dá haire agus é ina ábhar imní di, áfach, nach bhfuil feidhm ag aon teorainn ná coinníoll maidir le ré nó áit na misean a d'fhéadfadh rioscaí a chruthú maidir le bainistiú neamhéifeachtúil ama; á chreidiúint gur cheart aird ar leith a thabhairt ar mhisin chuig tríú tíortha maidir le fad, breisluach agus costais; á iarraidh ar an gCúirt rialacha iomchuí a leagan síos chun aon mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as orduithe misin a chosc, rud a d'fhéadfadh amhras a tharraingt ar ionracas, neamhspleáchas agus oibiachtúlacht a comhaltaí; á thabhairt le fios, go háirithe, nach mór do mhisin na gcomhaltaí tús nó deireadh a chur leo i Lucsamburg i gcomhréir leis an oibleagáid fhollasach cónaithe, ach amháin i gcásanna eisceachtaí ócáideacha agus eisceachtaí a bhfuil bonn cirt leo; ag súil go nglacfaidh comhaltaí na Cúirte páirt ghníomhach i misin iniúchóireachta agus nach mór a gcúraimí agus a bhfreagrachtaí a shonrú chun aon chineál mí-iompair a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint;

26. á thabhairt dá haire, faoi Chinneadh na Cúirte Uimh. 60-2017, go bhfuil leithdháileadh buiséadach bliantúil ag gach comhalta dá chuid lena úsáid do speansais ionadaíochta, faoi réir rialuithe *ex ante* agus le haisíocaíochtaí á ndéanamh tar éis doiciméid tacaíochta a thíolacadh; á chur in iúl gur ábhar iontais é go bhforáiltear le hAirteagal 9 den Chinneadh sin gur féidir cuid den leithdháileadh sin a úsáid, fiú ar bhealach teoranta, chun cuirí ó na comhaltaí chun dlúthchomhoibrithe a chumhdach (i.e. oifig phríobháideach an chomhalta, foireann iniúchóireachta, foireann an tSeomra nó foireann den náisiúntacht chéanna leis an gcomhalta i gceist) gan rannpháirtithe seachtracha, chun tógáil foirne a chur chun cinn nó chun baint amach príomhchuspóra oibre a cheiliúradh; á mheabhrú go sainmhínítear an Chúirt in Airteagal 1 den Chinneadh sin "ionadaíocht" mar idirghníomhú gairmiúil ag comhaltaí na Cúirte le daoine seachtracha agus nach bhfuil an úsáid reatha ag teacht leis an sainmhíniú sin; á iarraidh ar an gCúirt na rialacha lena rialaítear úsáid, coinníollacha agus uasteorainneacha na línte buiséadacha chun críoch ionadaíochta, tógála foirne agus ceiliúrtha inmheánaigh a réasúnú agus a shoiléiriú d'fhonn prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus na trédhearcachta a urramú; á thabhairt dá haire gur eisigh an Chúirt cinneadh le déanaí lena bhforáiltear nach gcumhdófar imeachtaí gan rannpháirtíocht sheachtrach a thuilleadh le speansais ionadaíochta; á iarraidh ar an gCúirt forléargais bhliantúla a chur ar fáil don Choiste um Rialú Buiséadach de chuid na Parlaiminte maidir le húsáid an leithdháilte bhuiséadaigh i gcomhair ionadaíochta;

27. á thabhairt dá haire gur athbhreithnigh seirbhís iniúchóireachta inmheánaí na Cúirte beartas bainistithe riosca na Cúirte, gur eisigh sí tuarascálacha nó gur cuireadh bailchríoch ar an bpríomhobair iniúchóireachta do roinnt cúraimí agus nár sainaithníodh aon easnaimh a dhéanfadh difear d'iontaofacht fhoriomlán na gcóras rialaithe inmheánaigh a cuireadh i bhfeidhm chun dlíthiúlacht agus rialtacht oibríochtaí airgeadais na Cúirte in 2020 a áirithiú; á thabhairt dá haire gur eisigh iniúchóir seachtrach neamhspleách na Cúirte tuarascáil dearbhaithe i mí na Nollag 2021 inar thángthas ar an gconclúid gur úsáideadh na hacmhainní a sannadh do chúrsaí teanga, do mhisin agus d'ionadaíocht chun na gcríoch a ceapadh dóibh agus go soláthraítear leis na nósanna imeachta rialaithe atá i bhfeidhm na ráthaíochtaí is gá chun comhlíonadh rialála a áirithiú; ag spreagadh d'iniúchóirí seachtracha inmheánacha agus neamhspleácha na Cúirte topaicí a bhaineann le heitic a chur san áireamh ina bplean iniúchóireachta, amhail bainistíocht fhónta airgeadais agus na caighdeáin eiticiúla a cheanglaítear ar an gCúirt, a ghníomhaíonn mar chaomhnóir neamhspleách ar leasanna airgeadais shaoránaigh an Aontais, a théann thar a bhfuil iniúchta ag a seirbhís iniúchóireachta inmheánaí;

28. á chur in iúl go dtuigeann sí gur chuir na srianta taistil agus na bearta sláintíochta a tharla mar thoradh ar phaindéim COVID-19 teorainn le féidearthachtaí na Cúirte obair allamuigh a dhéanamh ar an láthair i bhformhór na bliana 2020; á thabhairt dá haire gur chaith iniúchóirí na Cúirte 1 190 lá san iomlán sa réimse (i gcomparáid le 3 605 lá in 2019) agus 627 lá in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus gnólachtaí príobháideacha iniúchóireachta (i gcomparáid le 2 504 lá in 2019); á thabhairt faoi deara, agus é ina ábhar suime di, úsáid mhéadaithe na cian-iniúchóireachta, trína n-úsáidtear teicneolaíocht chumarsáide agus teicneolaíocht na faisnéise amhail sonraí slána agus comhroinnt doiciméad; ag súil go ndéanfaidh an Chúirt na nósanna imeachta oibre sin a chomhdhlúthú ina gnáthnós imeachta iniúchóireachta;

Creat eitice agus trédhearcacht

29. ag aithint go hiomlán an luach a bhaineann le hiriseoireacht imscrúdaitheach thromchúiseach atá bunaithe ar fhíricí chun na seiceálacha agus ceartúcháin riachtanacha a chur ar fáil le haghaidh fheidhmiú cuí airgeadais agus eiticiúil institiúidí an Aontais; á chur in iúl go bhfuil imní uirthi maidir leis na torthaí a fuarthas ó chumhdach na meán ar roinnt saincheisteanna eiticiúla agus airgeadais sa Chúirt a bhaineann lena comhaltaí; ag cur béim ar an bhfíoras nár caitheadh amhras ar obair iniúchóireachta na Cúirte riamh agus go bhfuil an Chúirt faoi réir roinnt sraitheanna rialaithe ag a hiniúchóirí seachtracha inmheánacha agus neamhspleácha agus ag an údarás um urscaoileadh; á chur in iúl gur ábhar imní di, áfach, an damáiste a rinneadh do chlú agus d'ionracas na Cúirte ar cheart dó a bheith ina shamhail chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme i gceart agus i gcás na gcaighdeán eiticiúil is airde; á iarraidh ar an gCúirt cur ar iontaoibh coiste eitice nuathofa, nár ceapadh ar thogra ó uachtarán na Cúirte, chun scrúdú a dhéanamh ar na réimsí a tuairiscíodh agus chun measúnú a dhéanamh ar leorgacht na rialacha atá ann cheana, lena n-áirítear an córas nua a bhaineann le hAirteagal 73 den Rialachán Airgeadais; á chur in iúl go gcreideann sí go sainaithneofar leis an nós imeachta um urscaoileadh, i ndlúthchomhar leis an gCúirt, réimsí le feabhsú agus go mbeidh na hathchóirithe is gá mar thoradh air, go háirithe ar chód iompair na Cúirte; ag meabhrú ról na Cúirte mar iniúchóir seachtrach neamhspleách an Aontais agus caomhnóir a cuid airgeadais agus, ar an gcaoi sin, ag athdhearbhú go láidir go gcreideann sí go bhfuil tionchar ollmhór ag aon iompar neamheiticiúil a dhéanann comhaltaí na Cúirte ar chlú na Cúirte agus ar chlú an Aontais ina iomláine, lena n-ardaítear an cheist maidir le cé atá ag faire ar fhairtheoir an Aontais;

30. á chur in iúl gur oth léi go mór gur dhiúltaigh an Chúirt comhoibriú go hiomlán agus dul i dteagmháil go comhionann le comhaltaí an Choiste um Rialú Buiséadach sa Pharlaimint maidir le faisnéis bhunriachtanach agus doiciméid bhunriachtanacha a nochtadh, fiú amháin faoi choinníollacha rúndachta agus cosanta sonraí, tar éis roinnt cleachtais amhrasacha ó thaobh eitice agus airgeadais a bheith cumhdaithe sna meáin; á mheabhrú go ndearnadh roinnt doiciméad rúnda a chur ar fáil, ar thionscnamh na Cúirte, do Chathaoirleach Choiste na Parlaiminte um Rialú Buiséadach agus don Rapóirtéir d'urscaoileadh 2020; á chreidiúint go bhfuil sé riachtanach go mbeadh rochtain ar an bhfaisnéis sin agus ar na doiciméid sin ag comhaltaí uile an Choiste um Rialú Buiséadach chun measúnú a dhéanamh ar na líomhaintí a dhéantar sna meáin agus chun cur ar chumas chomhaltaí na Parlaiminte cinneadh feasach a dhéanamh maidir le hurscaoileadh a dheonú don Chúirt;

31. á mheabhrú gur bunaíodh an Chúirt le Conradh Buiséadach 1975 chun airgeadas an Aontais a iniúchadh agus, mar iniúchóir seachtrach an Aontais, go rannchuidíonn sí le feabhas a chur ar bhainistiú airgeadais an Aontais, agus ag an am céanna go bhfuil sí ina caomhnóir neamhspleách ar leasanna airgeadais shaoránaigh an Aontais; á chur i bhfáth go bhfuil comhar agus muinín fhrithpháirteach idir an Chúirt agus an Pharlaimint, go háirithe a Coiste um Rialú Buiséadach, lárnach i gcóras rialaithe buiséid AE; á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de gur gá aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na Parlaiminte atá sna rúin seo maidir le hurscaoileadh, agus sna rúin maidir le hurscaoileadh roimhe seo, agus, ar an gcaoi sin, an damáiste a rinne cleachtais inmheánacha amhrasacha do chreidiúnacht na Cúirte a athbhunú; á athdhearbhú go bhfuil sí toilteanach páirt a ghlacadh sa phróiseas athchóirithe is gá in éineacht leis an gCúirt;

32. á chur in iúl gur cúis mhór imní di líomhaintí maidir le foligean arasáin ag comhaltaí den Chúirt le comhaltaí d'fhoireann na Cúirte, agus i gcomhthéacs ina bhféadfaí forálacha an chonartha cíosa ábhartha a shárú agus leagan amach neamheiticiúil a chruthú i gcomhthéacs an liúntais chónaithe; á chur in iúl gur oth léi gur dhiúltaigh an Chúirt faisnéis a sholáthar do na Scáth-Rapóirtéirí ar fad i gCoiste na Parlaiminte um Rialú Buiséadach maidir leis an tiarna talún, maidir leis an méid cíosa a d'íoc an comhalta den Chúirt a bhfuil an t-árasán ar cíos aige nó aici agus maidir le méid an chíosa a d'íoc na fothionóntaí atá fostaithe ag an gCúirt leis an gcomhalta sin;

33. á thabhairt dá haire agus é ina ábhar imní di gurb é EUR 570 824 costas iomlán na neamhrialtachtaí a rinne Karel Pinxten, iarchomhalta den Chúirt, mar a sainaithníodh sa tuarascáil ábhartha ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF); á chur in iúl gur oth léi nach bhféadfadh an Chúirt, tar éis anailís dhlíthiúil na Cúirte, a iarraidh ar Karel Pinxten EUR 153 408 a aisíoc ach amháin ar an bhforas nach bhfuil aon bhunús dlí ann chun a thuarastal a aisghabháil do na laethanta "neamhláithreachtaí gan údar"; á chur i bhfáth gur tarraingíodh míchlú ar an gCúirt agus ar an Aontas mar gheall ar an gcineál sin iompraíochta, mar a léirigh an Chúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas an 30 Meán Fómhair 2021 ([4]), agus gur tháinig sí sin chun cinn de bharr dhoiléire na rialacha inmheánacha agus na n-easnamh sna rialuithe a cuireadh i bhfeidhm; á thabhairt dá haire go ndearna an Chúirt obair leantach maidir leis an gcás sin le linn imscrúdú OLAF, lena n-áirítear díolúine a tharscaoileadh agus an nós imeachta faoi Airteagal 286(6) CFAE a thabhairt chun críche go rathúil, chomh maith leis na bearta a rinneadh mar thoradh air sin;

34. á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas go ndearna an Chúirt agus a hiniúchóir inmheánach, mar thoradh ar na nósanna imeachta lena mbaineann Karel Pinxten, athbhreithniú ar a nósanna imeachta rialaithe ó 2016 go 2019 agus nár aimsíodh aon léiriú ar chásanna den chineál céanna; á thabhairt dá haire go bhfuil an Chúirt den tuairim gur dhéileáil sí leis na laigí a braitheadh san iniúchadh; ag aithint go bhfuil dualgais an oifigigh údarúcháin a tharmligean, de réir bhrí Airteagal 73 den Rialachán Airgeadais, go heisiach chuig Ardrúnaí na Cúirte, agus ní chuig gach aon cheann dá comhaltaí a thuilleadh, bunriachtanach chun prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a chomhlíonadh; á thabhairt faoi deara go measann an Chúirt go bhfuil an córas atá i bhfeidhm anois iomlán inmharthana agus iontaofa;

35. a thabhairt chun suntais torthaí athbhreithniú piaraí 2019 ar chreat eitice na Cúirte, lenar léiríodh gur cheart mórthosaíocht a thabhairt don eitic i ndoiciméid straitéiseacha na Cúirte, inar moladh go mbeadh breis comhsheasmhachta agus soiléireachta ann sna rialacha mar aon le hoiliúint iomchuí, gur cheart gníomhaíochtaí múscailte feasachta a neartú, agus gur cheart breis feabhais a chur ar córas rialaithe eitice na Cúirte; ag tabhairt dá haire gur thángthas ar an tátal san athbhreithniú piaraí go bhfuil caighdeáin eiticiúla na Cúirte i gcomhréir, tríd is tríd, le cód eitice na hEagraíochta Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta ach go bhfuil gá le tuilleadh feabhais; ag cur béim ar an bhfíoras, ina leith sin, go mbítear ag dréim lena lán ó uasfhorais iniúchóireachta amhail an Chúirt agus, dá bhrí sin, gur gá dóibh gníomhú mar eagraíochtaí eiseamláireacha agus muinín agus creidiúnacht a spreagadh agus chuige sin í mór gníomhaíochtaí na ceannaireachta a bheith ina n-eiseamláir; á thabhairt dá haire go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an gCúirt faoi láthair ar a creat eitice, lena n-áirítear measúnú ar na rioscaí a bhaineann le heitic ag soláthraí seachtrach, a dhéanfaidh meastóireacht ar leibhéal aibíochta chreat eitice na Cúirte agus lena ndéanfar measúnú ar rioscaí eitice na Cúirte; á thabhairt le fios go ndéanfar creat eitic na Cúirte a nuashonrú go luath in 2022 le conclúidí an athbhreithnithe sin agus á iarraidh ar an gCúirt an t-údarás um urscaoileadh a choimeád ar an eolas gan moill mhíchuí;

36. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur glacadh an Cód Iompair nua do Chomhaltaí agus d'Iar-Chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí an 14 Nollaig 2020 ([5]), ar cód é atá i bhfad níos mionsonraithe agus níos follasaí ná an Cód Iompair do Chomhaltaí na Cúirte an 8 Feabhra 2012; á thabhairt dá haire go bhfuil oibleagáid ar na Feisirí anois "Dearbhú maidir le Leasanna" a thíolacadh gach bliain ach go bhfuil imní orthu faoin easpa cumais scrúdaithe atá ag an gCúirt, rud atá ríthábhachtach chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint, agus á iarraidh ar an gCúirt, dá bhrí sin, an córas atá ann faoi láthair a threisiú; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé d'oibleagáid ar Chomhaltaí na Cúirte cloí leis na caighdeáin is airde iompair eiticiúil agus leis na luachanna eiticiúla agus na prionsabail eiticiúla a chomhlíonfar, amhail ionracas, neamhspleáchas, oibiachtúlacht, iompraíocht ghairmiúil, dínit, tiomantas agus dílseacht;

([4]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 30 Meán Fómhair 2021, *Cúirt Iniúchóirí na hEorpa* v *Karel Pinxten*, C-130/19, ECLI:EU:C:2021:782.

([5]) IO L 30, 28.1.2021, lch. 10.

37. á chur in iúl gur díol sásaimh di go ndéantar mionsaothrú ar na rialacha nós imeachta i gcód iompair na Cúirte maidir le hoibleagáidí chomhaltaí na Cúirte maidir le gníomhaíochtaí seachtracha agus gairmeacha beatha tar éis scor dá n-oifig; á chur in iúl go n-aontaíonn sí nár cheart do na Feisirí páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht sheachtrach nach bhfuil ag luí lena ndualgais; á chur in iúl gur díol sásaimh an leasú a rinne Coláiste na Cúirte ar Airteagal 12 dá cód iompair, mar a mhol an t-údarás um urscaoileadh, leasú lena n-eisiatar dualgais neamhchúitithe sa réimse polaitiúil a údarú; ag tabhairt dá haire, go bhfuil cód iompair na Cúirte, mar gheall ar an leasú sin, ailínithe anois le cód iompair na Cúirte Breithiúnais; á chur i bhfáth go gcuirtear as do luachanna an neamhspleáchais agus na hoibiachtúlachta go sonrach agus go tromchúiseach an tráth a gcoinníonn comhalta, le linn a théarma oifige nó a téarma oifige, aon chaidreamh nithiúil le páirtí polaitiúil, mar a dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais go soiléir ina breithiúnas an 30 Meán Fómhair 2021;

38. á chur i bhfáth nach mór d'uachtarán na Cúirte a bheith ina eiseamláir chun aon choinbhleachtaí leasa atá fírinneach nó a mheastar a bheith ann a sheachaint, ar coinbhleachtaí leasa iad a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó neamhchlaontacht na Cúirte agus, dá bhrí sin, ag géarcháineadh na misean dá chuid ar léir a cuireadh i gcrích iad chun críche polaitiúla agus nach bhfuil ag teacht leis na caighdeáin eiticiúla agus leis na prionsabail eiticiúla a bhfuiltear ag súil leo ón gCúirt; á mheabhrú, ina leith sin, go sonraítear in Airteagal 7(2) de chód iompair na Cúirte "[go mbeidh] aird chuí ag Comhaltaí na Cúirte ar thábhacht a ndualgas agus a bhfreagrachtaí"; cuirfidh siad san áireamh, agus dea-shampla á thabhairt acu, nádúr poiblí a ndualgas agus iompróidh siad iad féin ar bhealach ina ndéantar muinín an phobail sa Chúirt a chothabháil agus a chur chun cinn";

39. á thabhairt chun suntais go n-aithnítear le hAirteagal 6(2) de threoirlínte eiticiúla na Cúirte go bhféadfadh sé a bheith deacair cloí le prionsabal na córa comhionainne de bharr dlúthchaidrimh, agus le hAirteagal 3(5) dá cód iompair, cuirtear cosc ar chéilí, ar pháirtithe agus ar theaghlach díreach céilí, comhpháirtithe agus teaghlach díreach a bheith mar chuid de comh-aireachtaí an chomhalta ábhartha; den tuairim, amach ón dearcadh pearsanta, gur rud neamhghnách nach bhfuil aon fháilte roimhe gur roinn uachtarán na Cúirte árasán le beirt oifigeach lánaimseartha dá chomh-aireachta toisc go bhféadfaí tuiscint a ghiniúint go bhféadfadh coinbhleacht leasa nó sárú ar phrionsabal na córa comhionainne a bheith ann, fiú más é Ard-Rúnaí na Cúirte a údarás ceapacháin agus go bhfuil grádú fhoireann chomh-aireachtaí na gcomhaltaí bunaithe ar na blianta taithí; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nár cheart cead a bheith ag comhaltaí na Cúirte a n-áit chónaithe a roinnt le comhaltaí dá gcomh-aireachtaí; á chur in iúl gur díol sásaimh di dá bhrí sin an t-athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar chód iompair na Cúirte, mar a spreag an t-údarás um urscaoileadh, lena gceanglaítear go dtabharfaí fógra don choiste eitice faoi chaidreamh conarthach idir Comhaltaí agus foireann na Cúirte agus lena bhforáiltear nach ndéanfaidh na Feisirí comhaontuithe fadtéarmacha ar cíos, comhaontuithe fochíosa nó comhaontuithe iasachta le foireann na Cúirte, agus ar an gcaoi sin na caighdeáin trédhearcachta agus cuntasachta a mhéadú thar na ceanglais dhlíthiúla; á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil sé ar intinn ag an gCúirt na prionsabail lena rialaítear socruithe maireachtála a comhaltaí a shonrú tuilleadh; á chur in iúl gur oth léi gur sáraíodh an ceart chun príobháideachta atá ag na baill foirne lena mbaineann mar gheall ar a n-ainmneacha a fhoilsiú sa phreas, chomh maith leis na hiarmhairtí atá fulaingthe acu ina saol pearsanta;

40. á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhforáiltear freisin leis an gcód iompair do chreat eagraíochtúil dá chur i bhfeidhm, eadhon coiste eitice a bhreithneoidh aon ábhar eitice a mheasann sé a bheith ábhartha do na caighdeáin a leagtar síos sa chód iompair agus don chlú atá air; á chur in iúl gur díol sásaimh di go gcuidíonn seirbhís dlí na Cúirte leis an gcoiste eitice mar go gcuideoidh an beart sin le haon rioscaí dlíthiúla a bhaineann lena chinntí a sheachaint; á thabhairt dá haire, i gcomhréir le rialacha nós imeachta reatha na Cúirte, gurb í an Chúirt a cheapann comhaltaí an choiste eitice ar bhonn togra ón uachtarán; á mheabhrú, mar a léirítear i dTuarascáil Speisialta 13/2019 ón gCúirt maidir le creataí eiticiúla institiúidí an Aontais a ndearnadh iniúchóireacht orthu, go bhféadfadh tionchar a bheith ag comhdhéanamh na gcoistí eitice ar an oibiachtúlacht agus ar an neamhspleáchas a bhraitear agus, dá bhrí sin, á iarraidh go práinneach ar an gCúirt athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir le ceapadh agus comhdhéanamh an choiste eitice agus á mholadh, ag leanúint Choiste Eitice Neamhspleách an Choimisiúin, gur daoine seachtracha a roghnófar mar chomhaltaí den choiste eitice, bunaithe ar a n-inniúlachta, a dtaithí, a neamhspleáchas agus a gcáilíochtaí gairmiúla, chomh maith lena mholadh nach gceapfar iad a thuilleadh ar thogra ó uachtarán na Cúirte;

41. á thabhairt dá haire go bhfoilsíonn an Chúirt a misin Feisirí ar thairseach trédhearcachta a láithreáin ghréasáin ach don bhliain reatha amháin; á iarraidh ar an gCúirt an fhaisnéis maidir le misin uile na gComhaltaí a cuireadh i gcrích le linn thréimhse iomlán a sainordaithe a fhoilsiú agus a choimeád go buan, lena n-áirítear ceann scríbe, ainm agus post an duine ar buaileadh leis nó léi, cuspóir an mhisin agus an costas an bhí ann, ach gan a bheith teoranta don mhéid sin; ag moladh don Chúirt dul isteach i gClár Trédhearcachta an Aontais ar bhonn comhaontaithe ar leibhéal seirbhíse; ag spreagadh don Chúirt chun cláir oibre a cuid comhaltaí maidir le gealltanais phoiblí agus ghairmiúla a fhoilsiú;

42. á thabhairt dá haire gur i gcás an aon cháis OLAF amháin a osclaíodh agus an aon ghearáin amháin a fuair an tOmbudsman Eorpach, go ndearna na húdaráis faoi seach iad araon a dhíbhe; á thabhairt faoi deara nach raibh aon chás sceithireachta ann in 2020;

43. á iarraidh ar an gCúirt ról a comhairleoirí eitice a shoiléiriú toisc nach bhfuil aon tuarascálacha ar a ngníomhaíocht ar fáil; á chreidiúint, tar éis thorthaí athbhreithniú piaraí 2019, go mbeadh sé tairbheach taifead a choinneáil ar líon agus ar chineál na saincheisteanna ar tugadh aghaidh orthu agus ar an gcomhairle a tugadh; á thabhairt dá haire go bhfuil sé de cheangal anois ar na comhairleoirí eitice tuairisciú bliantúil ar a gcuid gníomhaíochtaí d'Ardrúnaí na Cúirte, i gcomhréir leis na rialacha rúndachta;

Acmhainní daonna, comhionannas, dea-bhail na foirne

44. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, ag deireadh 2020, a d'fhostaigh an Chúirt 925 bhall foirne ar an iomlán, lenar cuimsíodh 669 n-oifigeach, 158 ngníomhaire shealadacha, 83 ghníomhaire ar conradh agus 15 saineolaí náisiúnta ar iasacht (SNInna); á thabhairt faoi deara gur 97,2 % a bhí sa mheánráta fostaíochta in 2020; á chur in iúl gur mór aici an dea-leibhéal leanúnach gníomhaíochtaí earcaíochta in 2020 agus 62 fhostaí nua, lenar cuimsíodh 18 n-oifigeach, 21 ghníomhaire sealadach, 20 gníomhaire ar conradh agus 3 SNI, earcaithe (i gcomparáid le 77 in 2019);

45. ag athdhearbhú dheacrachtaí institiúidí an Aontais i Lucsamburg baill foirne a earcú de réir a gcuid riachtanas; á thabhairt le fios go bhfuil innéacsú na dtuarastal i Lucsamburg ar cheann de na príomhthosca; á mholadh do na hinstitiúidí ábhartha cur chuige comhordaithe agus aonair a bheith acu i leith an Choimisiúin;

46. á chur in iúl gur díol sásaimh di gurb amhlaidh, ar an iomlán, a d'fhostaigh an Chúirt cion comhionann ban agus fear sa lucht saothair in 2020, agus 475 bhean agus 435 fhear ann as 910 fostaí; ag tabhairt dá haire gur mhná iad 51,63 % den lucht saothair iomlán lena n-áirítear comhaltaí den Chúirt agus SNInna; á thabhairt faoi deara gur tháinig méadú ar sciar na mban sa bhainistíocht, 34,82 % in 2020 i gcomparáid le 30,43 % in 2019; á thabhairt faoi deara gur mná iad tuairim is trian de na príomhbhainisteoirí (17 as 47) agus na stiúrthóirí (3 as 10);

47. á chur in iúl gur oth léi nach raibh ach 8 gcomhalta mná sa Chúirt in 2020 i gcomparáid le 18 gcomhalta fir, ach ina ainneoin sin á chur in iúl gur mór aici gur mhéadaigh sciar na mban ó 25.93 % in 2019 go 30,77 % in 2020; á mheas, áfach, nach raibh ach 16 chomhalta baineanna ag an gCúirt as 112 chomhalta san iomlán ó bunaíodh í in 1977 (85.7 % fireann, 14,3 % baineann); á mheabhrú go gceapann an Chomhairle comhaltaí na Cúirte tar éis dul i gcomhairle leis an bParlaimint agus go dtuigeann sí gur creat casta é an nós imeachta ainmniúcháin do chomhaltaí na Cúirte ar dúshlán é chun cothromaíocht inscne a bhaint amach toisc gurb é an Ballstát i dtrácht amháin atá freagrach as ainmniú náisiúnta agus nach féidir ach iarrthóir amháin a ainmniú ag an am; á thabhairt dá haire, de réir Airteagal 286(2) CFAE, go nglacann an Chomhairle an liosta de chomhaltaí na Cúirte tar éis tograí ó na Ballstáit agus tar éis di dul i gcomhairle leis an bParlaimint; á iarraidh ar an gCúirt, áfach, anailís a dhéanamh ar chomhdhéanamh foriomlán na Cúirte d'fhonn an Chomhairle agus na Ballstáit lena mbaineann a chur ar an eolas ionas go ndéanfar cothromaíocht inscne a mheas go háirithe sna cinntí ainmniúcháin;

48. á chur i bhfáth nach mór, faoi Airteagal 286 CFAE, comhaltaí na Cúirte a roghnú as measc daoine a bhaineann nó a bhain ina mBallstát faoi seach le comhlachtaí iniúchóireachta seachtracha nó a bhfuil cáilíocht ar leith acu chun an oifig i dtrácht a shealbhú, agus nach ann d'aon amhras ann i leith a n-inniúlacht ghairmiúil ná a neamhspleáchas gairmiúil: á chur in iúl gur oth léi go dtéann an Chomhairle ar aghaidh arís agus arís eile chun comhaltaí a ainmniú chun na Cúirte in ainneoin tuairim dhiúltach ón bParlaimint; den tuairim gur cheart nós imeachta ainmniúcháin chomhaltaí na Cúirte in Airteagal 286(2) CFAE a athchóiriú agus a ailíniú le nós imeachta ainmniúcháin bhreithiúna na Cúirte Breithiúnais arna mbunú le hAirteagal 255 CFAE, i gcás ina dtugann painéal tuairim maidir le hoiriúnacht na n-iarrthóirí; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart go mbeadh ról ceangailteach ag an bParlaimint maidir le measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht iarrthóirí don Chúirt; á mheabhrú go gcuirtear anailís mhionsonraithe agus moltaí luachmhara ar fáil i rún ón bParlaimint an 4 Feabhra 2014 maidir leis an ról a bheidh ag an gCúirt Iniúchóirí amach anseo chun athbhreithniú riachtanach a dhéanamh ar an nós imeachta maidir le comhaltaí na Cúirte a cheapadh, lena n-áirítear athbhreithniú ar CFAE;

49. ag tabhairt le fios go saothraíonn an Chúirt cothromaíocht gheografach, go bhfuil ionadaíocht ag na Ballstáit uile ar an bhfoireann agus go bhfuil ionadaíocht ag 21 Bhallstát i bpoist bhainistíochta; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur ghlac an Chúirt ballraíocht sa Mheitheal ar an Éagsúlacht agus ar an gCuimsiú arna cur ar bun ag EPSO a rinne gníomhaíochtaí sonracha a chur ar aghaidh chun tarraingteacht Lucsamburg mar áit oibre a mhéadú, lena n-áirítear an clár chun post a thabhairt isteach do chéilí, liúntas tithíochta, straitéis chumarsáide choiteann aonair agus comhar le hollscoileanna Eorpacha;

50. á thabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di an réimse leathan agus éagsúil gníomhaíochtaí a rinneadh in 2020 chun comhionannas deiseanna ("EO") a chur chun cinn, eadhon suirbhé foirne agus cúig cheardlann rannpháirtíochta maidir le beartas agus feidhmíocht na Cúirte um EO, úsáid anailíse staidrimh ar shonraí EO chun scrúdú a dhéanamh ar conas a dhéanann na dálaí oibre difear do chodanna éagsúla den fhoireann, gníomhaíochtaí cumarsáide agus múscailte feasachta, oiliúint éigeantach do bhainisteoirí ar an neamh-idirdhealú agus ar EO, oiliúint ar an gclaontuairim neamh-chomhfhiosach do phainéalaithe roghnúcháin, athbhreithniú ar fhógraí folúntais agus anailís *ex post* ar an bpróiseas ceapacháin bliantúil chun a áirithiú nach raibh aon chlaontacht ann mar gheall ar shaoire mháithreachais nó ar shaoire tuismitheora; á chur in iúl gur díol sásaimh di an tionchar dearfach a bhí ag gníomhaíochtaí atá dírithe ar chomhionnanas deiseanna in 2020, mar shampla i ndáil le harduithe céime, agus 50 % de na mná incháilithe agus 46 % d'fhir incháilithe á gcur chun cinn agus 51 % de na mná atá á gcur chun cinn agus 45 % d'fhir atá ag cur chun cinn saoire do thuismitheoirí; á chur in iúl gur feasach di beartas agus plean gníomhaíochta na Cúirte maidir leis an éagsúlacht agus maidir leis an gcuimsiú don tréimhse 2021-2025;

51. ag tabhairt dá haire go dtairgeann an Chúirt socruithe oibre solúbtha éagsúla chun an chothromaíocht oibre is saoil a éascú, lena n-áirítear, go háirithe, saoire tuismitheora do thuismitheoirí ag a bhfuil leanaí nach sine ná 12 bhliain d'aois, cineálacha éagsúla saoire speisialta agus socruithe don chothú críche; á thabhairt dá haire, mar an gcéanna, gur teoranta an líon uaireanta lárnacha ar lena linn a chaithfidh na baill foirne uile a bheith inrochtana agus an fhéidearthacht uaireanta neamh-lárnacha a scaipeadh thar an lá oibre, de rogha an chomhalta foirne, chun freastal ar riachtanais ghnó agus phríobháideacha; ag aithint gur minic a cuireadh na socruithe solúbtha a bhí ar fáil in 2020 in iúl do bhaill uile na foirne agus a tugadh cothrom le dáta iad; ag tabhairt dá haire an easpa leanúnach cothromaíochta i gcás roinnt socruithe oibre ós rud é gur mhná iad 83 % de na baill foirne a d'iarr socrú oibre páirtaimseartha; á chreidiúint go bhfuil gá le cumarsáid níos déine maidir le hinmharthanacht agus tairbhí na socruithe sin agus maidir leis an bhfíoras nach bhfágfaidh úsáid a bheith á baint as na socruithe oibre atá ar fáil go gcuirfear pionós, ar bhealach ar bith, ar dhul chun cinn gairme na bhfostaithe lena mbaineann;

52. ag tabhairt dá haire gurbh í an chianobair an córas oibre réamhshocraithe in 2020; á chur in iúl gur díol sásaimh di gurb amhlaidh, ar an mbonn sin, a bhí deis ann cianobair a dhéanamh ó áit lasmuigh den áit fostaíochta, laistigh de theorainn cúig lá in aghaidh na míosa, gur deonaíodh ina theannta sin údaruithe eisceachtúla don chianobair lánaimseartha lasmuigh den áit fostaíochta ar bhonn cúinsí sonracha teaghlaigh agus sláinte, agus gurb amhlaidh, faoi láthair, a cheadaítear i gcónaí do bhaill foirne 30 lá cianoibre ar a mhéad in aghaidh na bliana a dhéanamh ó áit lasmuigh den áit fostaíochta (agus uasmhéid 10 lá leanúnacha ann); á chur in iúl gur díol sásaimh di gur glacadh in 2020 bearta sonracha chun cabhrú leis an bhfoireann déileáil leis an gcás sonrach a tharla mar thoradh ar phaindéim COVID-19, eadhon suas le dhá uair an chloig in aghaidh an lae le haghaidh socruithe cúraim leanaí (a úsáideann 284 iniúchóir agus 160 fear as an méid sin) agus saoire mháithreachais sínte do mháithreacha a bhí i dteideal iad a athbhunú le linn na tréimhse iomláine glasála;

53. ag tabhairt dá haire gur tuairiscíodh trí chás traochta in 2020; ag tacú leis na bearta arna nglacadh chun rochtain ar chomhairleoireacht shíceolaíoch do bhaill foirne atá ina gátar a éascú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur thug an Chúirt aird ar fheachtais chumarsáide maidir leis an gceart chun dícheangail, lena n-áirítear oiliúint éigeantach, ceardlanna ar an aireachas, laghdú ar strus agus forbairt athléimneachta; á mholadh don Chúirt, áfach, níos mó ná gníomhaíochtaí féinfheasachta a dhéanamh agus an ceart chun dícheangail ag baill foirne a chur chun feidhme, trí ghníomhartha sonracha; á chur in iúl gur mór aici gur bunaíodh foireann folláine agus gur seoladh suirbhéanna chun faireachán a dhéanamh ar shástacht bhaill foirne na Cúirte;

54. á thabhairt dá haire gur tuairiscíodh dhá chás ciaptha shíceolaíoch líomhnaithe, ach nár cruthaíodh ciapadh síceolaíoch sna himscrúduithe riaracháin; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, nár thuairiscigh an Chúirt, in 2020, aon chás deimhnithe ciaptha shíceolaíoch nó gnéaschiaptha; á chur in iúl gur mór aici gur neartaigh an Chúirt an líon teagmhálaithe sa líonra faoin mbeartas maidir le timpeallacht oibre shásúil a chothabháil; ag tacú le hoiliúint éigeantach do bhainisteoirí maidir le baill foirne a chosaint ar chiapadh agus ar iompar míchuí, leis an gceardlann maidir le réiteach coinbhleachtaí lena ndírítear ar chibearchumarsáid agus á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear sna seisiúin thosaigh do nuatheachtaithe modúil faoi na beartais inmheánacha maidir le EO agus maidir leis an bhfrithchiapadh;

55. á chur in iúl gurb oth léi gur chinn an Chúirt éilimh ar ghnéaschiapadh a líomhnaítear a rinne oifigigh shinsearacha a dhíbhe, bunaithe ar an bhfíric gur foilsíodh iad ar inlíon na Cúirte agus nár tuairiscíodh iad trí na bealaí oifigiúla; á iarraidh ar an gCúirt tuilleadh oibre a dhéanamh maidir le feabhas a chur ar an uirlis tuairiscithe gearán ar chiapadh agus ar an gcreat eiticiúil inmheánach;

56. á thabhairt dá haire gur chuir an Chúirt fáilte roimh 44 oiliúnaí in 2020 (i gcomparáid le 55 oiliúnaí in 2019; míníodh gurb í an chúis a bhain leis sin ná gur cuireadh seisiún mhí na Bealtaine ar ceal mar gheall ar phaindéim COVID-19); á thabhairt faoi deara go raibh 42 sheal oiliúna as 44 sheal oiliúna ina sealanna oiliúna íoctha agus á iarraidh ar an gCúirt a áirithiú go bhfaighidh a hoiliúnaithe uile luach saothair cuibhiúil amach anseo;

Digiteáil, cibearshlándáil, cosaint sonraí

57. ag tabhairt dá haire gur EUR 10 093 000 a bhí i mbuiséad iomlán TF in 2020, ar méadú 25 % é i gcomparáid le 2019, tráth a bhí buiséad TF cothrom le EUR 8 085 000; ag tabhairt le fios gurbh é an tionscadal ba shuntasaí, arbh ionann é agus beagnach 50 % den mhéadú agus a maoiníodh le haistrithe speisialta, ná ionadú bhonneagar stórála TF ina iomláine; ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt EUR 358 000 a infheistiú i dtrealamh TF don úsáideoir deiridh (ríomhairí, scáileáin, iPad, gutháin phóca agus méaróga USB criptithe) arb ionann é agus méadú 185 % i gcomparáid le 2019; á thabhairt faoi deara gur caitheadh EUR 6 390 000 ar sheirbhísí TF, den chuid is mó cothabháil feidhmchlár, oibríochtaí TF agus seirbhísí arna soláthar ag institiúidí eile; ag tabhairt dá haire gur cuireadh roinnt nuathionscadail TF i gcrích in 2020 a ndearnadh infheistíocht EUR 1 603 000 (méadú 23 % i gcomparáid le 2019) ina leith;

58. á thabhairt dá haire agus é ina dhíol spéise di gur ghá, tar éis ráig COVID-19, saolré iomlán na hiniúchóireachta a dhéanamh go digiteach, lena n-áirítear bailiú fianaise, nósanna imeachta sáraíochta agus agallaimh a rinneadh trí fhísghlao le hateangaireacht, nuair ba ghá, agus nach ndearnadh difear do thoradh an phróisis mar thoradh air sin; á chur in iúl gur díol sásaimh di an obair a rinne foireann saotharlainne nuálaíochta idirdhisciplíneach ECALab in 2020 chun teicneolaíochtaí, amhail mianadóireacht sonraí, an intleacht shaorga agus próiseáil sonraí oscailte, a fhiosrú chun digiteáil an phróisis iniúchóireachta a fhorbairt tuilleadh; á chur in iúl gur eol di gurb amhlaidh, le linn 2020, a lean an Chúirt den tionscadal "iniúchadh CIE ina iniúchadh digiteach" a chur chun feidhme, ar tionscadal trasearnálach é a bhfuil sé mar aidhm leis teicnící iniúchta digiteacha a chur i bhfeidhm i gcomhair iniúchadh airgeadais ghníomhaireachtaí an Aontais;

59. á thabhairt dá haire gur go digiteach a cuireadh an nós imeachta vótála (lena n-áirítear an vótáil rúnda), próisis earcaíochta agus soláthar earraí agus seirbhísí i gcrích; á chur in iúl go dtuigeann sí gurb amhlaidh, trí ghlacadh beartais aicmithe faisnéise, a dtiocfaidh treoirlínte cur chun feidhme agus cinneadh sonrach maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh sna sála air, agus trí chur ar bun uirlise digití chun déileáil le doiciméid íogaire, a rannchuidíodh leis an aistriú i dtreo na digiteála iomláine a éascú; ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt nuachóras faireacháin slándála agus fiaigh bagartha, deimhnithe digiteacha arna n-eisiúint ag údarás deimhniúcháin phoiblí le haghaidh criptiú ríomhphoist chun malartú comhad íogair le heintitis sheachtracha a éascú agus bogearraí cosanta bagartha do ghairis mhóibíleacha chorparáideacha a chur i bhfeidhm;

60. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, tríd is tríd, a tástáladh an chibearshlándáil atá i bhfeidhm (lena gcumhdaítear an tréimhse 2018-2021) agus atá sí ag feidhmiú go héifeachtach, agus a chuir an scagaire idirlín bac ar bhreis agus 70 000 bagairt gréasáin in 2020; á thabhairt faoi deara gur chuir an Chúirt roinnt tionscnaimh feasachta i gcrích chun dea-chleachtais a chothú agus obair chianda á déanamh; á chur in iúl gur díol sásaimh di nár tharla aon teagmhas slándála tromchúiseach le linn 2020; á chur in iúl gur eol di go bhfuil plean cibearshlándála nua á cheapadh ag an gCúirt (lena gcumhdófar an tréimhse 2022-2024), lena mbeartaítear gluaiseacht de réir a chéile i dtreo Ailtireacht Iontaobhais Nialais;

61. á thabhairt dá haire gur cuireadh treoirlínte agus nuashonruithe maidir le hábhair cosanta sonraí ar fáil don fhoireann trí nuachtlitir leathbhliantúil; á chur in iúl gur mór aici gur measadh go raibh an Chúirt "iomlán comhlíontach" de dhroim iniúchadh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí iniúchadh ar chlár oifigeach cosanta sonraí na Cúirte;

Foirgnimh agus slándáil

62. á thabhairt dá haire gurb amhlaidh, in 2020, a ghlac an Chúirt athruithe buana ar spásanna oibre chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh, chun nuaphátrúin spáis a chomhtháthú, chun an tslándáil fhisiceach a mhéadú agus chun aird a thabhairt ar an mbealach hibrideach úr oibre (an chianobair agus *in situ*);

63. á iarraidh ar an gCúirt, agus na tionscadail athchóirithe á gcur chun feidhme aici, dul i gcomhairle leis na hionadaithe foirne ag gach céim den phróiseas, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar shástacht agus dea-bhail na foirne amach anseo, agus, go háirithe, breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le feabhsuithe i gcomhair daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nó atá faoi mhíchumas eile agus réitigh a shainaithint roimh ré chun a rochtain a éascú;

An comhshaol agus an inbhuanaitheacht

64. á thabhairt dá haire go bhfuil an Chúirt rannpháirteach sa Scéim um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúchóireacht (EMAS), lena ndírítear ar a áirithiú go gcomhlíonfar moltaí maidir le soláthar glas agus earraí agus seirbhísí á gceannach ag gach céim den nós imeachta; á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil an Chúirt rannpháirteach i Soláthar Poiblí Glas na Parlaiminte, rud a chiallaíonn go bhfuil gá leis na critéir ghlasa mar chuid de na héicilipéid agus de na lipéid chóirthrádála, i gcás inarb iomchuí, chomh maith le haird a thabhairt ar dhícheall cuí chearta an duine agus tairgeoirí agus conraitheoirí á measúnú;

65. á thabhairt dá haire gurb amhlaidh, in 2020, a bhí aschur iomlán gás ceaptha teasa na Cúirte 14 % níos lú ná mar a bhí sé in 2014 nuair a tosaíodh ar astaíochtaí CO_2 a thomhas; á chur in iúl gur eol di gurb amhlaidh, de dhroim torthaí iniúchta sheachtraigh, a rinneadh deimhniú EMAS na Cúirte a athnuachan don tréimhse 2020-2022; á mholadh don Chúirt, thairis sin, grianphainéil a shuiteáil ar gach foirgneamh d'fhonn éifeachtúlacht carbóin na Cúirte a mhéadú;

66. ag aithint go bhfuil an chéad tuarascáil uaithi ar an inbhuanaitheacht á dréachtú ag an gCúirt bunaithe ar chaighdeáin an Tionscnaimh Tuairiscithe Dhomhanda agus i gcomhréir le treoirlínte an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais;

67. á chur in iúl go dtuigeann sí gur thit tomhaltas leictreachais agus uisce go suntasach, 30% agus 93 % faoi seach, mar thoradh ar na teorainneacha oibre a bhí ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus go raibh meánlíon na leathanach priontáilte in aghaidh na foirne in áitreabh na Cúirte gar do náid; á mholadh don Chúirt cur leis an taithí a fuarthas le linn an phaindéim chun feabhas a chur ar a feachtas chun tomhaltas páipéir a laghdú;

Cumarsáid agus ilteangachas

68. ag tabhairt dá haire gur thaifead an Chúirt tuairim is 32 000 alt ar líne agus post sna meáin shóisialta a bhain lena foilseacháin nó leis an gCúirt i gcoitinne (i gcomparáid le 51 000 in 2019), gur eisigh sí 68 bpreaseisiúint agus gur reáchtáil sí 22 sheisiún faisnéise do na meáin (i gcomparáid le 61 agus 25, faoi seach, in 2019); á chur in iúl go dtuigeann sí gurbh é ba chúis, i bpáirt, leis an laghdú arna shainaithint ar chumhdach na meán ar fhoilseacháin na Cúirte, seachas tuarascálacha iniúchóireachta, na gníomhaíochtaí cumarsáide laghdaithe ar chainéil na meán sóisialta ó lár mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh;

69. á thabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di tionscnaimh chun teacht ar gheallsealbhóirí agus ar shaoránaigh a úsáideann an preas agus na meáin, amhail seisiúin faisnéise fhíorúla don phreas chun láithreacht na Cúirte a mhéadú sa phreas náisiúnta agus sna meáin náisiúnta; á thabhairt chun suntais gur dea-chleachtas a bhí sa chomhdháil ar Eitic agus Ionracas sa Riarachán Poiblí arna reáchtáil i mí Mheán Fómhair 2020 mar phlé leantach ar Thuarascáil Speisialta 13/2019 ón gCúirt ar "Chreatanna Eiticiúla institiúidí iniúchta AE; an deis atá ann feabhas a dhéanamh";

Comhar idirinstitiúideach

70. ag tabhairt dá haire an dlúthchomhar idirinstitiúideach a bhain an Chúirt amach in 2020 ainneoin na ndúshlán a bhí ann, lena n-áirítear 156 chur i láthair, ar an iomlán, ar thorthaí a cuid oibre: 52 do choistí na Parlaiminte, 57 do chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle agus 47 do na parlaimintí náisiúnta (i gcomparáid le 264 in 2019);

71. á thabhairt dá haire Iniúchadh Líonra AE, a bheartaítear a bheith ina chineál nua comhair iniúchóireachta maidir le hábhair a bhaineann le paindéim COVID-19, lena ndírítear ar eolas agus taithí a roinnt agus ar infheictheacht agus tionchar obair ábhartha iniúchóireachta na n-ard-institiúidí iniúchóireachta a mhéadú;

72. ag tabhairt dá haire an dul chun cinn sa chaibidlíocht don chomhaontú tríthaobhach leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus leis an gCoimisiún chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhaontú 2016 lena rialaítear rochtain na Cúirte ar dhoiciméid agus faisnéis atá i seilbh BEI chun a hiniúchtaí ar oibríochtaí arna gcistiú nó arna ráthú le buiséad an Aontais agus arna mbainistiú ag BEI a dhéanamh;

73. á chur in iúl gur díol sásaimh di an chaibidlíocht ullmhúcháin a rinneadh in 2020 chun socrú oibre a shíniú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") d'fhonn creat struchtúrtha le haghaidh comhair idir an Chúirt agus OIPE a chur ar fáil, lena ndírítear ar chosaint bhuiséad an Aontais a neartú tuilleadh; á chur in iúl gur eol di gur síníodh an socrú oibre sin i mí Mheán Fómhair 2021;

74. á thabhairt dá haire gur thuairiscigh an Chúirt in 2020 sé chás de chalaois amhrasta do OLAF a sainaithníodh le linn obair iniúchóireachta na Cúirte (i gcomparáid le 10 gcás in 2019), arbh é an toradh a bhí orthu go léir gur osclaíodh imscrúdú; á thabhairt faoi deara agus é ina dhíol sásaimh di gur tháinig méadú ar chéatadán na n-imscrúduithe a tionscnaíodh tar éis don Chúirt faisnéis ábhartha a tharchur le blianta beaga anuas mar thoradh ar an idirphlé agus ar an gcomhordú níos déine idir an Chúirt agus OLAF;

Paindéim COVID-19

75. á chreidiúint gur ghlac an Chúirt roinnt beart, agus gur thacaigh sí leo, ba ghá chun an fhoireann a choimirciú le linn phaindéim COVID-19 agus á chur in iúl gur mór aici go ndearnadh faireachán ar an staid trí shuirbhéanna maidir leis an dea-bhail ag an obair, maidir le tuiscint na foirne ar an staid agus maidir le leibhéil sástachta;

76. á thabhairt dá haire, le gníomhú an phlean um leanúnachas gnó, gur féidir tabhairt faoi na gníomhaíochtaí tapa is gá, i gcomhar le húdaráis Lucsamburgacha agus le hinstitiúidí eile an Aontais atá bunaithe i Lucsamburg agus lena n-áirítear athbhreithniú gasta a dhéanamh ar rialacha nós imeachta na Cúirte nuair is gá; á chur in iúl gur mór aici an comhordú éifeachtach a rinneadh le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais le linn na héigeandála paindéime, go háirithe rannpháirtíocht bhainisteoirí leanúnachais gnó institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais sa líonra neamhfhoirmiúil agus sa ghrúpa idirinstitiúideach um COVID-19 atá fós gníomhach;

77. á chur i bhfáth gur leasaigh an Chúirt a rialacha nós imeachta go pras chun go bhféadfadh an Chúirt agus a dlísheomraí agus a coistí a gcinntí a ghlacadh go cianda i gcruinnithe fíorúla nó "hibrideacha" in imthosca eisceachtúla arbh ionann iad agus force majeure agus chun a áirithiú go leanfadh an Chúirt de chinnteoireacht a dhéanamh sna himthosca sin;

78. á chur in iúl gur eol di gurb amhlaidh, amhail an 16 Márta 2020, a bunaíodh córas ginearálta oibre baile agus go ndearnadh an córas sin a oiriúnú go seasta, rud a bhí ina sholúbthacht bainistíochta éifeachtach; á mholadh don Chúirt na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 a chomhtháthú go hiomlán ina straitéis inmheánach maidir le leanúnachas gnó agus bainistiú géarchéime, freagrúlacht TF agus athléimneacht na heagraíochta, dualgas cúraim i leith a foirne, éifeachtacht na cumarsáide inmheánaí agus solúbthacht na bpróiseas oibre.